**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013**

# EALAÍN

## Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo

### Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Luain, 29 Aibreán – Dé hAoine,10 Bealtaine    Maidin 9.30 – 12.00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 16 Aibreán**

**Treoracha**

Tá cead agat oibriú le dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis, nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, áfach. Níl cead agat áiseanna mar stionsail, teimpléid, íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.

Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás atá ann di ar do bhileog A2. Scríobh an teideal – 'Cumadóireacht Shamhlaíoch' nó 'Ábhar Neamhbheo' – díreach faoi do Scrúduimhir.

Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú go bhfuil sí folamh. Uasmhéid na bileoige: A2.

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

1. Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D, E. **Ba chóir duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.**

2. Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil tuairisc orthu i gceann **amháin** de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, E, nó a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig ionad an scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach.
**Ní mór é seo a dhéanamh go tráthúil, roimh thús an scrúdaithe. Ní mór duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.**

3. Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, E, nó a fhorbróidh tú ó cheann de na sleachta tuairisciúla sin. **Ba chóir an pointe tosaigh agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.** Luaigh go soiléir cé acu 1 – Cumadóireacht Shamhlaíoch nó
2 – Ábhar Neamhbheo, atá i do Chumadóireacht Theibí.

## Sleachta Tuairisciúla

**Sliocht A**

Clós Uí Chróinín an t-ainm a bhí ar an áit, agus is thart anseo in áit éigin a bhí sé – chaithfeadh sé gur anseo a bhí. Ar dheis uaim, thar na claíocha de shreang dheilgneach a bhí timpeall ar an bhféarach dúghlas, bhí bunchnoic rua na gCruach Dubh, na beanna is airde in Éirinn, ag éirí aníos. Bhí siad faoi bhrat ceo ach bhí grian mhílítheach na maidine ag briseadh tríd i gcorráit. Istigh ansin – áit éigin – a bhí an Clós. Bhí sé ceaptha a bheith ar an bpointe tosaigh ab fhearr do shiúlóirí sna Cruacha Dubha agus anois, tar éis a bheith ag tiomáint siar ó dheas ar feadh ceithre lá ó Bhaile Átha Cliath go Contae Chiarraí gan léarscáil, gan Córas Suite Domhanda (GPS) nó, le fírinne, gan aon tuiscint ar thíreolaíocht na hÉireann, bhí mé chomh gar sin dó. É a fháil, b'in a raibh le déanamh agam.

Bhí go leor ama agam leis sin a dhéanamh. Cé go raibh mé díreach tar éis beagnach uair an chloig a chur amú ar chor bealaigh gan chúis, turas gleoite mar sin féin, síos bóthar fada cam aon lána go Loch Cárthaí – buíochas as na treoracha, a chléireacha an ollmhargaidh – ní raibh sé a deich a chlog fós fiú amháin. Agus le linn dom an Fiat a bhí ar cíos agam a thiomáint ar ais ar bhóithríní cúnga na tuaithe, ghlac mé mo shuaimhneas dóthain le taitneamh a bhaint as an radharc tíre agus as ainmneacha deasa aisteacha na sráidbhailte, gan cuimhne ar bith agam air go dtiocfadh liom, tá a fhios agat, dul ar strae ar dhóigh éigin.

Bhí taobh tíre na hÉireann iontach, na cnoic ghlasa agus na gleannta níos glaise arís, nithe a raibh mé dréim leo, ag gabháil tharam gan stad, agus nuair a d'éirigh mé compordach le rialtáin an Fiat a bheith droim ar ais, thosaigh mé ag baint taitnimh as an mbealach ar shnigh na bóithre thar na coirnéil ghéara agus trí na crainn agus na toir a bhí geall le bheith ina dtolláin. Nuair a shroichinn barr cnoic agus nuair a d'fhaighinn trucail ag rolladh go gasta i mo threo, níor náir dom bród áirithe a bheith orm as a thapúla a sheasainn ar na coscáin agus a d'aimsínn straidhp de ghruaimhín le tarraingt isteach air. Ansin bhínn ag útamáil thart leis an lámh chontráilte ag iarraidh teacht ar luamhán na ngiaranna.

Ó ghleann go gleann a thiomáin mé, síos (agus suas) sleasa na sléibhte, an ghrian do mo choinneáil ar chúrsa a bhí réasúnta ceart, mé ag teacht ar radhairc nua nach raibh ag teacht leis na híomhánna seanchaite d'Éirinn iathghlas. I ndiaidh dom cuairt gan choinne a thabhairt ar Eas Chúirt an Phaoraigh – íomhá chomh clasaiceach d'Éirinn agus a d'fhéadfá a shamhlú, carraigeacha agus coillte agus páirceanna lán raithní agus srutháin gheala fhuadracha ar fud na háite – fuair mé mé féin ag tiomáint go tapa ar feadh ardchlár ard a raibh línte de thoir dhlútha faoi imireacha den bhuí agus den chorcra air. Bhí an tírdhreach seo chomh strainséartha agus d'fhéadfainn a shamhlú, go háirithe faoi spéir ar dhath na cruach agus grian anbhann ina cúlsolas inti. Sa deireadh, b'éigean dom tarraingt i leataobh agus lán na súl a bhaint as an radharc. Agus ansin thiomáin mé liom, andúil sa bhóthar ag borradh ionam i rith an ama.

Thug an bóthar suas suas mé, lána singil ag imeacht as tollán crann in airde ar ucht na gcarraigeacha sceirdiúla. Bhí féar ag fás i lár an bhóthair, stiall mhóhácach ghlas a bhí ag éirí níos tibhe de réir mar a dhreap mé in airde.

Taobh istigh de thríocha nóiméad bhí mé ag máirseáil suas leaba thirim srutháin, ar dhroim talún os cionn na gcrann a bhí brata le toir mhaigeanta agus breac le bolláin. Shuigh mé síos gar don mhullach le lón d'arán, de Chéadar Éireannach agus de chorizo Spáinneach a chaitheamh agus d'amharc mé síos uaim ar an ngleann. Cé is moite de chúpla bóthar a bhí gearrtha tríd an gcoillearnach ag lucht leagtha na gcrann , ní raibh aon chomhartha ann go raibh aon duine riamh anseo – túr do na fóin phóca ná tearmainn do shiúlóirí ní raibh ann. Bhí an domhan mar a bhí, is dócha, 1500 bliain ó shin agus ní raibh a fhios agam cé chomh fada agus a d'fhéadfainn fanacht díreach san áit a raibh mé.

Leis sin thosaigh an bháisteach.

Arna chóiriú as *Lost in Ireland* le Matt Gross, le caoinchead The New York Times, Deireadh Fómhair, 2010.

**Sliocht B**

Tá an suaithfhriochadh i wok ar cheann de na modhanna cócaireachta is tapúla, is éasca agus is éifeachtaí. Ní thógann sé ach cúpla nóiméad na comhábhair a bhailiú le chéile – rogha glasraí, lenar féidir feoil, iasc, bia mara, tófú, cnónna, rís nó núdail a chur. Níl teorainn leis na féidearthachtaí maidir le holaí, le tarsainn agus le hanlainn dhifriúla a thriail, agus bíonn béile dathannach, blasta, folláin agat dá thoradh.

Cé gur féidir an wok a úsáid le galú agus le friochadh domhain a dhéanamh, is é an suaithfhriochadh is mó a dhéantar air. De réir mar a chócaráiltear an bia, suaitear agus tiontaítear é le cipíní fada bambú, le scúp wok nó le spadal. Tógann sé beagáinín níos faide bianna áirithe a chócaráil seachas a chéile agus, ar an ábhar sin, is minic a dhéantar an suaithfhriochadh ina chéimeanna. Coinníonn na comhábhair indibhidiúla a mblas sainiúil féin dá thairbhe sin. Aistrítear na bianna amach as an wok de réir mar a chócaráiltear iad, ach i gcónaí measctar le chéile iad nuair a bhíonn gach rud cócaráilte agus is mar mhias iomlán amháin a dháiltear iad.

Tá neart scóipe ann le haghaidh na cruthaitheachta agus tú ag roghnú comhábhar don suaithfhriochadh is simplí fiú amháin. Is féidir mias dhathannach a dhéanamh le meascán d'oinniúin, de chairéid, de phiobair (ghlasa, dhearga, bhuí agus oráiste), de bhrocailí agus de phiseanna *mange-tout*. Cuir isteach péacáin phónaire ag deireadh na cócaireachta agus suaith go gasta é ar mhaithe leis an uigeacht, nó cuir isteach roinnt castán uisce stánaithe. Cuirfidh sin brúisc bhlasta ann. Gheobhaidh tú próitéin as roinnt cnónna caisiú nó almóinní, cúpla ciúb de thófú nó circeoil gan chnámha, nó glac cloicheán, agus má chuireann tú isteach rís réamhbhruite nó núdail beidh suaithfhriochadh téagartha agat. Cuirfidh anlann réamhdhéanta – d'oisrí nó de phónairí buí – an dlaoi mhullaigh ar an mias. Tá sinséar, gairleog agus cillíonna go hiontach le blas a chur ar shuaithfhriochadh.

Tá a lán cineálacha cillí ann, ó na cinn atá an-séimh go dtí na cinn atá loiscneach te. Is ansa leis na Téalannaigh na cillíonna beaga dearga nó glasa, cillíonna súil éin, atá loiscneach te. Cuireann siad taos fíor-the amach is amach ina gcuid curaithe lena mblaistiú. Tá cillí triomaithe brúite úsáideach mar leasú sa bhia fosta. Féadtar cuid den 'speach' a bhaint as cillí te má thógtar na síolta agus na scannáin astu. Déan dhá leath de chillíonna úra agus scríob amach na síolta le bior scine. Bain an ceann de chillíonna triomaithe agus croith amach na síolta. Nigh do lámha i gcónaí tar éis duit cillíonna a láimhseáil!

Arna chóiriú as *Greatest Ever Wok & Stir-fry* le Papplewick Press, 2009.

**Sliocht C**

Is é TÍR NA bhFATHACH an t-ainm suntasach atá ar cheann de na himeachtaí cultúrtha is mó a cuireadh le chéile amuigh faoin aer riamh i dTuaisceart Éireann. Anocht, beag beann ar an aimsir, cuirfear seó mórthaibhseach ar siúl saor in aisce ar na seanslipeanna i gCeantar an Titanic. 45 nóiméad a mhairfidh sé. Beidh 500 duine ag glacadh páirte sa seó, ocht gcoimeádán loingis, crainn tógála, cliabháin ardaithe – agus 18,000 duine sa lucht féachana.

Bí ag caint ar an méid. Bí ag caint ar an nglór. Beidh 160 drumadóir ann. Cóir, 200 duine san iomlán. Dream ag eitilt san aer idir crainn tógála agus cliabháin ardaithe. Beochana digiteacha agus iad na stórtha ar airde, á dteilgean ar bhallaí drámata fhoirgneamh nua an Titanic.

'Faoin am a fuair mé an coimisiún, bhí sé beartaithe cheana gur fathaigh a bheadh mar théama ann,' a mhíníonn Marc Ó Murchú, stiúrthóir ealaíne an tionscadail. Déantar tagairt sa seó d'áiteanna, do dhaoine agus do rudaí a bhfuil páirt mhór acu i dtírdhreach agus i stair Thuaisceart Éireann, leithéidí Chlochán an Aifir, an Titanic agus Gulliver le Jonathan Swift.
Bhí sé i gceist riamh seó a bheith ann a bheadh in oiriúint don suíomh sin, do shlipeanna an Titanic. Shiúil Ó Murchú an ceantar gan stad le linn dó a bheith ag iarraidh a oibriú amach céard a bhí sé ag dul a chruthú. 'Theastaigh uaim cothromaíocht a bhaint amach idir é a bheith pearsanta

agus é a bheith eipiciúil,' a mhíníonn sé. Le linn dó é seo a dhéanamh, bhíothas ag tógáil fhoirgneamh an Titanic ar thaobh an láithreáin. Céad bliain roimhe sin, bhí muintir Bhéal Feirste ag amharc ar an long ba mhó ar domhan á tógáil sna dugaí ansin.

Bheartaigh sé go luath an seó a chur i láthair os cionn an luchta féachana, ionas go dtiocfadh le gach duine gach rud a fheiceáil. Uaidh sin ar aghaidh, tháinig forbairt ar an smaoineamh sin aige seó ingearach a chur ar siúl lasnairde. Ina measc sin atá ag glacadh páirte tá grúpa proifisiúnta a chuireann seó ar siúl san aer. Tá cuid acu tar éis cúpla seachtain a chaitheamh ag obair le 18 mball de Scoil Sorcais Bhéal Feirste. Beidh na mic léinn seo páirteach sa seó fosta. Is é an smaoineamh atá ann go mbeidh an traenáil a gheobhaidh siad ina cuid d'oidhreacht chultúrtha an tionscadail. Táthar ag súil leis go mbeidh an seó ina ábhar cainte go ceann tamaill fhada agus nach ar thógáil na long amháin a chuimhneoidh daoine as seo amach nuair a chuimhneoidh siad ar na slipeanna, ach ar na healaíona. Tá an teachtaireacht soiléir; is féidir baint a bheith ag na healaíona le háit ar bith. Is é sin cuspóir an Oilimpiaid Chultúrtha sa deireadh thiar thall.

Is é an t-aon cheist atá fanta, céard a tharlóidh má thosaíonn sé ag cur fearthainne anocht? 'Éireoidh daoine fliuch.' Sin é freagra pragmatach Uí Mhurchú. Ní chuireann an fhearthainn as d'fhathaigh. Agus maidir leis an gcuid eile againn, bhuel, tá taithí againn uirthi.

Arna chóiriú as iris *The Irish Times*, 30 Meitheamh, 2012.

**Sliocht D**

Dála thromlach na dteaghlach Éireannach a d'fhás aníos le linn na 1970idí, ba é 'an cupán tae' ár rogha druga sa teach seo againne. Ba é an chéad fhreagairt é ar aon mhiontubaiste agus bhí sé de dhlúth agus d'inneach gach ócáid cheiliúrtha. Le fírinne, gach cloch mhíle shuntasach a bhaintí amach i rith an lae – teacht abhaile leis na hearraí siopadóireachta nó an iarnáil a chríochnú – ba chúis í ag duine éigin le rá 'Cuir síos an citeal ansin, beidh cupán deas tae againn'.

Fearacht mar a rinne an chuid eile den náisiún, d'ólamar galún i ndiaidh galúin den tae, agus muid sásta é a ól. Chruinníomar na *Minstrels* mar a bheadh sé de dhualgas orainn é a dhéanamh, agus d'fholmhaíomar na duilleoga caite isteach sa doirteal trí scagaire. Ansin, go tobann, d'athraigh gach rud. Chonacthas málaí tae i bhfógraí ar an teilifís agus cuireadh bulc mór díobh amach ar sheilfeanna an ollmhargaidh. Sheachnaíomar ar dtús iad, ar ndóigh – as tacaíocht dhílis le Mam a dúirt ar an bpointe nach raibh iontu ach 'ceann eile de na gimicí nua-aimseartha sin' agus gur 'cur amú uafásach airgid mhaith' iad. Cibé ar bith, fearacht mar a rinne an chuid eile de theaghlaigh na tíre, ghéilleamar sa deireadh agus ansin chuamar i bpáirt go fonnmhar le 'glúin na málaí tae'. Sna blianta ina dhiaidh sin, tháinig sé go nádúrtha chugainn iad a úsáid. D'úsáideamar málaí cearnógacha agus poillíní breise iontu, málaí cruinne agus séala formheasa an tsimpeansaí orthu, málaí an aon chupáin agus sreangáin chliste orthu, agus chaitheamar seal fiú amháin ag plé le cruthanna pirimidiúla. Cibé rud a bhí san fhaisean, leanamar orainn dár n-instealladh féin lenár ndáileog laethúil.

Sa deireadh, nuair a d'fhág mé an baile agus nuair a chuaigh mé ar an gcoláiste, níorbh iontas é gurbh é an chéad infheistíocht a rinne mé san árasán i Ráth Maonais ná 'citeal'. Láithreach bonn iompaíodh áras mac léinn ina bhaile as baile. Thug m'andúil go sábháilte trí sheisiúin dianstaidéir do na scrúduithe mé, trí na cóisirí déanacha agus trí phóit na mochmhaidine le linn shaol an mhic léinn, agus ar aghaidh uaidh sin go dtí na chéad rungaí ar dhréimire mo ghairme beatha …

Anois, agus mé ag amharc ar chlubanna déanacha ag géilleadh slí do dhamhsa tae an Domhnaigh, tá rollóga bricfeasta agus muifíní trí euro ag déanamh slí do lóin phacáilte i scragall stáin, agus slisne de bhairín breac mhaime mar mhilseog. Fiú eacnamaithe an náisiúin, tá siad éirithe as staidéar an FT agus tá siad tosaithe ag léamh na nduilleog tae ina áit. Ag an am céanna tá na cócairí ar an teilifís ag meabhrú go gealgháireach dúinn chomh héasca is atá sé baisc de bhorróga

tae a dhéanamh ar chostas níos lú ná do tháille bus go dtí an siopa carthanais. Níl neart agam air ach mothú aisteach *déjà vu* a aireachtáil. B'fhéidir go ndéanfaidh mé an turas bus sin agus go n-infheisteoidh mé i gcúpla pláta trí shraith le haghaidh cístí agus foireann rós-mhaisithe de chupáin is d'fhochupáin phoirceallláin den chineál is fearr a bhíodh ag Mamó. Anois agus cuirí ar dinnéir shofaisticiúla chomh dóchúil le seic toirtiúil díbhinní a theacht sa phost, ceapaim go bhfuil sé in am – uair amháin eile – do bhlaiseadh beag de 'thae na hiarnóna'. Braon te ó aon duine eile?

Arna chóiriú as *Trouble Brewing* le Fiona Price, RTÉ Sunday Miscellany 2008-2011.

**Sliocht E**

Bhí splancarnach thintrí ar fud na spéire agus ansin bhuail an chéad phléasc uafásach thoirní tiompán na gcluas acu mar a bheadh tua ann. Chuir Lyra a cuid lámh lena ceann agus dóbair gur baineadh tuisle as Will, mar a bheadh sé á thiomáint anuas ag an bhfuaim. Rug siad ar a chéile agus d'amharc suas, agus chonaic siad radharc nach bhfaca aon neach riamh roimhe in aon cheann de na milliúin domhan.

Fia-chailleacha, clann Ruta Skadi agus clann Reina Miti agus leathdhosaen eile de chlanna, gach neach beo díobh ag iompar tóirse bladhmach de phéine roisíneach a tumadh sa bhiotúman, iad ag eitilt anoir thar an dún ina scaotha, ón gcuid dheireanach den spéir ghlan agus ag dul i dtreo na stoirme.

Bhí scuaine aingeal i ndiaidh teacht amach as an Sliabh Néalmhar, iad armtha le sleánna agus le claimhte chun a n-aghaidh a thabhairt ar na fia-chailleacha. Bhí cóir na gaoithe leo agus ba ghasta ná saighead iad. Ach bhí na fia-chailleacha chomh gasta leo. D'eitil an chéad dream acu sin in airde agus theilg iad féin isteach i measc ranganna na n-aingeal, ag bualadh rompu ar dheis agus ar chlé lena dtóirsí bladhmacha. Thit aingeal i ndiaidh aingil as an spéir ar bharr lasrach, iad ag scréachach agus na sciatháin ar lasadh, Agus ansin tháinig na chéad bhraonta móra fearthainne anuas.

Nuair a d'fhéach na páistí in airde, iad ag cosaint a gcuid súl ó na braonta fearthainne a bhí á lascadh anuas, chonaic siad aerárthach nach bhfaca siad a leithéid roimhe: liopasta, séchosach, dorcha, faoi thost iomlán. Go híseal a bhí sé ag eitilt, an-íseal, ar shiúl ón dún. Scinn sé thart os a gcionn, ní raibh sé níos airde ná barr dín, agus ghluais ar shiúl isteach i gcroílár na stoirme.

Arna chóiriú as *The Amber Spyglass* le Philip Pullman, Scholastic Press, 2003.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2013

# EALAÍN

Dearadh

Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Luain 29 Aibreán – Dé hAoine 10 Bealtaine Maidin 9:30 – 12:00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt 16 Aibreán**

**Treoracha**

Tá cead agat do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach go dtí an scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

Tá cead agat cibé meáin agus uirlisí ealaíne atá oiriúnach a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, páipéar rianaithe, ábhair do cholláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, T-bhacart, scian, siosúr, gliú, etc.

**Níl cead agat** obair ealaíne réamhullmhaithe ná obair ealaíne atá réidh le húsáid a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.

Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal a ghabhann léi ar gach bileog.

**Céim 1: Bileog de Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE)**

Ní mór an bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin a dhéanamh roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith ann ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Tá cead agat nótaí a chur le do chuid oibre. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis, íomhánna a gearradh amach, fótagraif nó íomhánna rianaithe, ní mór gach saghas oibre dá leithéid **a ghreamú go cothrom** de do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

**Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT)** **(20 marc)**

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **fhorbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá agat ar do bhileog de sceitsí ullmhúcháin **a iniúchadh**. Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T de réir mar a oireann siad don cheist atá roghnaithe agat agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Tá cead agat sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt do chuid smaointe a léiriú. **Ní mór duit do chuid oibre a dhéanamh go glan díreach ar an mbileog A2 agus gan ach sceitsí amháin a úsáid**, iad daite más mian leat. Caillfidh tú marcanna má dhéanann tú cóip dhíreach ón mbileog de sceitsí ullmhúcháin. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3: An Moladh Dearaidh Deireanach** **(80 marc)**

Is le linn an scrúdaithe a chuirtear do mholadh dearaidh deireanach i gcrích. Ba chóir duit eolas ar bith a mheasann tú a bheith riachtanach chun do mholadh dearaidh deireanach a chur in iúl, a chur san áireamh agus tagairt ar leith a dhéanamh do ghnéithe amhairc, feidhmiúla agus ábhartha na ceiste a roghnaigh tú, seachas d’aird a dhíriú go hiomlán ar shaothar ealaíne a chur ar fáil a bhfuil bailchríoch den scoth air.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit a mbeidh ort iad seo a leanas a chur ann:***

- do bhileog A2 de **Sceitsí Ullmhúcháin**
- do bhileog A2 de **Réamhsceitsí**
- **do Mholadh Dearaidh Deireanach**

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

Cé nach mbíonn mórán ar siúl uirthi fiú agus é ina lá geal, bhí príomhshráid an tsráidbhaile lán anois le carachtair aisteacha. Bhí an t-ealaíontóir taistil ann, pailéad agus steallóga de dhosaen dath air ina láimh chlé, scuab ina láimh dheas. Rinne sé radhairc de thíortha coimhthíocha, ceann ar cheann, ar chanbhás ollmhór agus ar thacas a raibh a chrios mar thaca aige. Ansin chaith sé na pictiúir chuig na páistí a bhí ar thaobh na sráide. Léim na cleasghleacaithe ar aghaidh agus ar gcúl thar a gcorp, ansin léim siad seacht dtroithe san aer, ag lúbadh agus ag casadh, sular tháinig siad chun talún arís chomh héadrom le héan. Thug na daoine bualadh bos dóibh. Bhí trúbadóir, todóg shaor ina bhéal aige, hata síoda air agus cóta eireabaill, ag seinm veidhlín agus ag canadh don gheiceo ar a ghualainn …

Cé go raibh na liricí céanna á gcanadh aige agus a bheadh ag aon cheoltóir sráide eile, chaith na mná ar fad, ón ngearrchaile ab óige go dtí an tseanbhean chromtha, slám mór de phíosaí airgid chuige. Chomh maith leis sin, bhí díoltóirí uachtar reoite, cóin sneachta, mealbhacáin uisce agus bronntanais milseán i láthair freisin, agus cé nach gceapfadh duine go raibh siad an-oiriúnach don sráidbhaile an tráth sin, bhí an chosúlacht ar a n-aghaidheanna go raibh siad lán de mhuinín agus iad ag brú a gcuid cairteacha a bhí maisithe go gairéadach.

Ba dhíol suntais faoi leith é i measc an ghrúpa an caidéal daonna – a bhí ag scairdeadh amach ní hamháin lasracha ach uisce, ceo, peitil bhláthacha de dhathanna uile an bhogha báistí, agus ar deireadh gealacha agus pláinéid bheaga – agus páiste óg thart ar chúig bliana d’aois a bhí ag marcaíocht ar fhlóta a raibh inneall ann. Bhí sé seo clúdaithe le braillín dhearg agus i bhfaiteadh na súl rinneadh tíogar cuarfhiaclach, Néandartálach, dragan tine, agus ansin aonbheannach de, a bhí seacht dtroithe ar fad, agus nach raibh seans dá laghad go bhféadfadh an bhraillín é a cheilt. Bhailigh na páistí thart ar an dá thaispeántas seo pé áit a ndeachaigh siad agus mar sin de thóg sé beagnach deich nóiméad orthu bogadh ar aghaidh fiú trí troithe.

Lean na taispeántais mhórthaibhseacha agus na tionscnaimh ar aghaidh ar feadh tamall maith ach nuair a bhí deireadh tagtha leo ní raibh ach duine ait amháin fágtha: seanfhear na féasóige agus na gruaige báine a raibh clóca scarlóideach casta timpeall air, é os comhair tacas miotail a bhí infhillte. Bhí sé ina shuí ar stól fillteach smolchaite agus é ag stiúradh a phinn thar an gcanbhás. Ní hionann agus na taibheoirí a bhí anseo don fhéile, ba chosúil gur péintéir taistil a bhí ann siúd nach raibh ag iarraidh ach a bheatha a shaothrú. Ba é an fáth nár scaip an slua a bhí timpeall air, fiú nuair a bhí na tionscnóirí gairéadacha imithe, gurbh annamh a d’fheictí a leithéid de thabló scolártha sa bhaile beag iascaireachta seo. Ní raibh an peann, an canbhás agus an dúch a bhí in úsáid aige cosúil leo siúd a d’úsáid aon ealaíontóir a bhí anseo riamh cheana. In ionad scuab a úsáid, bhí peann cleite géar aige agus bhí cineál éigin de chraiceann tanaí aige mar chanbhás. Ba mhó an díol iontais, áfach, an dúch ar thom sé a pheann ann. Agus a pheann á shá isteach i bhféith ina rosta clé aige, chuimil an seanfhear é sa sruth fola a shil amach as sular aistrigh sé chuig an gcanbhás é. Chuir lucht an tsráidbhaile grainc orthu féin ar dtús mar gheall ar chomh hait agus a bhí sé seo. Ach tar éis dóibh féachaint amháin a thabhairt ar an bpictiúr, a raibh sé ag obair air le tamall de réir cosúlachta, is é an t-aoibhneas a tháinig in áit an iontais a bhí orthu …

Athchóirithe as *Vampire Hunter D* le Hideyuki Kikuchi, Dark Horse Books, 2007

## Sliocht B

Músclaíonn ceol na sléibhte an t-anam, agus níl áit is mó a dhéanann sin domsa in Éirinn ná tailte arda Dhún na nGall. Is mar seo a leanas a scríobh an nádúraí agus an staraí Robert Lloyd Praeger faoi Dhún na nGall ina leabhar clasaiceach *The Way That I Went*: ‘níl aon áit eile ina bhfuil áilleacht cnoic agus gleanntáin, locha agus carraige, farraige agus portaigh, féaraigh agus goirt, fite chomh dlúth sin le chéile, sa chaoi go gcuireann gach casadh sa bhóthar agus gach barr cnoic radhairc nua agus teaglaim de na dúile aoibhne seo ar fáil’.

Dún na nGall nó 'daingean na n-eachtrannach' a thugtar ar an áit i nGaeilge. Rinne na Lochlannaigh ionradh air agus bhí sé faoi cheannas chlann chumhachtach Uí Dhomhnaill, na Dálaigh, tráth dá raibh nó go ndearna siad an teitheadh cinniúnach úd as Ráth Maoláin i 1607. Thugtaí Tír Chonaill nó 'dúiche Chonaill', air freisin, dúiche 'an Cheathrar Bráithre' a rinne croiniceacht ar stair na meánaoiseanna in Éirinn in Annála na gCeithre Máistrí ina dhiaidh sin agus contae ina labhraítear an Ghaeilge go forleathan go fóill sa lá atá inniu ann.

Is éard atá i dtírdhreach Dhún na nGall ná fraochmhánna feannta, gleannta dearóile, lochanna aoibhne agus creaga fiánta. D'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil cuid de na radhairc chósta is fearr in Éirinn ar fad, le fáil ar chósta garbh an chontae ó aillte farraige atá míle troigh ar airde go stácaí iargúlta farraige. Tá éagsúlacht shaibhir i dtírdhreach na sléibhte ann, ó chóin eibhir go cruinneacháin ghrianchloichíte. Níl aon struchtúr is fearr a léiríonn an chodarsnacht seo ná fothraigh thaibhsiúla an tséipéil gan díon i nDún Lúiche. Is cumasc d'eibhear agus de mharmar grianchloichíte atá i mballaí an tséipéil, a tógadh in 1845, agus léiríonn siad an chodarsnacht idir na carraigeacha ar bheanna Shliabh Sneachta agus na hEaragaile in aice láimhe.

Uair amháin chaith mé tráthnóna fuar i lár an gheimhridh ar mhullach na hEaragaile. Bhí mé liom féin agus mé ag tabhairt ómóis go ciúin i mbaclainn na binne is airde i nDún na nGall. Ar an taobh thoir den bhinn bhí scuaidrín néalta ag imeacht le gaoth, an gáibéal domhain thíos fúm á chlúdach acu. Trasna ar an taobh eile, phléasc an ghrian tríd an gceo éadrom, í ag léiriú mo scáile, a bhí deich n-uaire níos mó ná mé, ar na néalta thíos fúm í thráth go chéile. Bhíodh an scáil timpeallaithe ag fáinní tuar ceatha mar a bheadh fáinní solais timpeall ar naomh. Ansin go tobann scar na néalta agus scaip an ceo, agus bhí radharc nárbh fhéidir a shárú le feiceáil den sliabh, den loch agus den chósta faoi mhórghlóir na gréine agus í ag dul faoi.

Athchóirithe as *Donegal, Sligo & Leitrim: A Walking Guide* le Adrian Hendroff, Collins Press, 2012

**Sliocht C**

Shílfeá gurbh amhlaidh a bhí sé scríofa sa scrioptúr: díreach mar a bhí geallta, is í Katie Taylor anois an t-aingeal dornálaíochta is fíochmhaire sa domhan. Lena cuid dornálaíochta, bhain an bhean Éireannach amach an bonn óir Oilimpeach a raibh sí ag taibhreamh faoi le breis agus deich mbliana. Chomh maith leis sin, bhain sí áit amach i gcroíthe fhir chrua an chró dornálaíochta a cheap go raibh sé ar fad feicthe acu. Tá stair na dornálaíochta mar a bheadh cás briste brúite lán de chuimhneacháin agus de litreacha truamhéalacha agus de ghníomhartha mí-ionraice. Ansin isteach sa bhailiúchán ollmhór sin, tagann móimint álainn foirfeachta atá dodhearmadta.

"Ba mhian liom geit a bhaint as an domhan mór," a dúirt Katie Taylor ina dhiaidh sin, nuair a bhí an bonn sin go slán sábháilte timpeall a muiníl aici. Agus más ceann de na frásaí is cáiliúla ar fad sa dornálaíocht a bhí á ghairm aici, í ag meabhrú na bhfocal a dúirt Muhammad Ali nuair a leag sé amach Sonny Liston le craobh an domhain a bhaint amach níos mó ná daichead bliain ó shin, ba mhithid sin a dhéanamh.

Bhí a céile comhraic as an Rúis, Sofya Ochigava, ar comhchéim léi maidir le luas agus le cleasaíocht sa chéad agus sa dara babhta agus ba iad an dá nóiméad mháistriúla a chuir Taylor isteach sa tríú babhta a chinntigh áit an óir di. Bhí sé mar a bheadh troid na gcat fiáin ann seachas dada eile, na trodaithe ag timpeallú a chéile go hairdeallach agus ansin ag gluaiseacht i dtreo a chéile le buillí a radadh ar luas lasrach sular scaraidís arís.

Ní dhéanfaidh aon duine a bhí i láthair san airéine dearmad go deo ar na nóiméid theannasacha sin nuair a buaileadh an clog tar éis an bhabhta deiridh. Sa soicind deireanach baineadh tuisle as Taylor agus ba bheag nár thit sí ar an gcanbhás. Thosaigh an Rúiseach, a bhí 7-5 chun deiridh, ag ionsaí sheaimpín an domhain le breis mire. Bhí an choimhlint crua agus fíochmhar agus bhí cuma smaointeach ar Taylor nuair a baineadh na miotóga di. Bhí deich míle duine buile ag béiceadh a hainm fad agus a bhí na moltóirí ag athbhreithniú a gcuid scór. Soilsíodh an scór deiridh: 10-8.

D’ardaigh an réiteoir lámh Taylor. Lig an náisiún gáir ollmhór. Na blianta fada de chleachtadh i ngan fhios don saol, na troideanna uaigneacha in áiteanna anaithnide, an streachailt le haitheantas a fháil i sport nárbh ann dó ach ar éigean agus na paidreacha a roinn siad le chéile: b’aistear iad ar fad chuig an tearmann glórach neamhaí dornálaíochta seo ar lá bog samhraidh i Londain.

Ansin thóg Taylor bratach na hÉireann agus d’éalaigh ó na maoir Oilimpeacha chun rinne cuaird onóra chun ómós a léiriú don slua callánach claonpháirteach. Scairt na soilse anuas ar an mbratach agus arís eile bhí Katie Taylor mar a bhí sí ar feadh i bhfad rófhada ina saol spóirt: ina neach éalaitheach iontach. Beidh cuimhne go deo aici ar an nóiméad álainn sin a cheadaigh sí di féin, nuair a bhí drogall uirthi an airéine a fhágáil agus nuair a lig sí don slua í a adhradh ar feadh cúpla soicind.

Athchóirithe as *Taylor Made Gold* in *The Irish Times*, Dé hAoine, 10 Lúnasa, 2012

**Déan dearadh do cheann amháin de na ceardaíochtaí seo a leanas:**

**1. Litreoireacht agus Peannaireacht**

Déan dearadh do cheann díobh seo a leanas:

(a) Biachlár do na díoltóirí uachtar reoite, bunaithe ar Shliocht A.

(b) Bileog eolais/léarscáil do thurais siúlóide i nDún na nGall, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Meirge le húsáid in airéine chun tacú le lúthchleasaí Éireannach, bunaithe ar Shliocht C.

Is féidir íomhánna agus móitífeanna maisithe a bheith ann. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**2. Líonóilghearradh agus Priontáil**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) An dragan tine, bunaithe ar Shliocht A.

(b) Dearadh bunaithe ar íomhánna den chósta faoi mar a dhéantar cur síos orthu i Sliocht B.

(c) Dearadh faoi dhornálaí/faoi throdaí, bunaithe ar Shliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do phrionta a úsáideann **trí dhath ar a mhéad**. Cuir san áireamh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le líne, cruth, contrárthacht agus uigeacht. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**3. Fabraicphriontáil agus Baitíc**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Athphatrún bunaithe ar ‘bhronntanais milseán’ mar atá luaite i Sliocht A.

(b) Taipéis bhalla bunaithe ar cheann de na láithreacha i Sliocht B.

(c) Taipéis bhalla le crochadh san láthair dhornálaíochta atá luaite i sliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil, do bhaitíc nó do phriontáil le stionsal. Úsáid dhá dhath ar a laghad i do dhearadh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**4. Bróidnéireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal don chóta atá á chaitheamh ag an trúbadóir i Sliocht A.

(b) Mála bróidnithe bunaithe ar an tírdhreach bhfuil cur síos air i Sliocht B.

(c) Suaitheantas do dhornálaíocht na hÉireann bunaithe ar Shliocht C.

Ní mór duit sonraí na n-ábhar a d'úsáidfeá chun do dhearadh a dhéanamh a thabhairt. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**5. Fíodóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Ruga bunaithe ar na dathanna agus ar na híomhánna i Sliocht A.

(b) Taipéis bhalla bunaithe ar fothraigh thaibhsiúla mar atá luaite i Sliocht B.

(c) Painéal bunaithe ar na dathanna agus ar an híomhánna as Sliocht C.

Ba chóir sonraí na n-ábhar atá le húsáid a thabhairt i do dhearadh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**6. Criadóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Coimeádán ceirmeach do scuaba péinte bunaithe ar an ealaíontóir i Sliocht A.

(b) Píosa de dhealbhóireacht cheirmeach bunaithe ar théama an taistil as Sliocht B.

(c) Árthach feidhmiúil bunaithe ar mhiotóg dhornálaíochta as sliocht C.

Tabhair sonraí na dteicníochtaí atá le húsáid chun an píosa a dhéanamh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**7. Puipéadracht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Taibheoir sráide bunaithe ar Shliocht A.

(b) An Lochlannach **nó** an Bráthair a luaitear i Sliocht B.

(c) 'An t-aingeal is fíochmhaire' bunaithe ar Shliocht C.

Is féidir do dhearadh a dhéanamh do phuipéad miotógach, do phuipéad slaite nó do phuipéad ar iall. Ba chóir duit an chaoi a ndéanfar an puipéad a léiriú, agus sonraí a thabhairt maidir le hábhair, dath, maisiúchán agus bailchríoch. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**8. Leabharcheardaíocht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Fillteán le saothair an ealaíontóra a choinneáil ann, bunaithe ar Shliocht A.

(b) Albam fótagraf d'fhótagraif a tógadh ar saoire, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Fillteán le cuimhneacháin Oilimpeacha a choinneáil ann, bunaithe ar Shliocht C.

Is féidir cruth ar bith a bheith ar do dhearadh agus ní mór duit an chaoi a ndéanfar é a léiriú. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**9. Dearadh Fógraíochta**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Póstaer ag fógairt féile shráide, bunaithe ar Shliocht A.

(b) Clúdach leabhair do threoirleabhar, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Dearadh lógó do Dhornálaíocht na hÉireann nó do do chlub dornálaíochta áitiúil, bunaithe ar Shliocht C.

Ní mór duit litreoireacht a úsáid. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Dealbhóireacht saorsheasaimh thríthoiseach bunaithe ar na híomhánna den chaidéal daonna a bhfuil cur síos air i Sliocht A.

(b) Painéal bunaithe ar na tírdhreacha carraigeacha a bhfuil cur síos orthu i Sliocht B.

(c) Dearadh tríthoiseach do thrófaí dornálaíochta bunaithe ar Shliocht C.

Ba chóir go léireodh do dhearadh sonraí na n-ábhar agus na dteicníochtaí a d'úsáidfí chun an píosa a dhéanamh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**11. Seiteanna Stáitse**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Flóta i gcomhair féile, bunaithe ar Shliocht A.

(b) Seit scannáin i gcomhair dráma Éireannach, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Dearadh seit i gcomhair stiúideo le húsáid do chlár spóirt, bunaithe ar Shliocht C.

Tabhair sonraí maidir le hábhair, dath agus soilsiú, maisíochtaí agus frapaí. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2013**

# EALAÍN

## Ceardaíocht

Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Dé Luain, 29 Aibreán – Dé hAoine, 10 Bealtaine**

**Maidin, 9:30 – 12:00      Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 16 Aibreán**

### Treoracha

Tá cead agat do bhileog A2 d'obair ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb í do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

**Níl cead agat** íomhánna rianaithe ná obair ealaíne réamhullmhaithe a thabhairt isteach sa scrúdú seachas an méid atá sonraithe do na ceisteanna ceardaíochta ar leith.

Ceadaítear úsáid a bhaint as aon ábhar ceardaíochta agus as aon uirlis atá oiriúnach chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh.

Ní cheadaítear ábhair orgánacha mheatacha a úsáid.

Scríobh **do scrúduimhir agus an leibhéal** ar gach bileog, agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

Scríobh **uimhir na ceiste** a roghnaigh tú agus **an teideal** ar gach bileog agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

## Céim 1: Bileog d'Obair Ullmhúcháin (TAIGHDE)

Do chuid **taighde** is cóir a bheith ar an mbileog A2 seo d'obair ullmhúcháin agus is cóir duit sin a dhéanamh roimh an scrúdú. Is ceart rogha a bheith anseo de na léirthuiscintí a bhaineann tusa go pearsanta as an gceist a roghnaigh tú, agus smaointe faoin gceist a ndearna tú taighde orthu. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Bíodh an obair ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis, íomhánna a gearradh amach, fótagraif nó íomhánna rianaithe, ní mór obair dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

## Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) **(10 marc)**

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá ar do bhileog de sceitsí ullmhúcháin **a fhorbairt.** Ba chóir go mbreithneofá gnéithe den dearadh 2T nó 3T mar a oireann don cheist a roghnaigh tú agus fianaise a bheith ann ar **fhorbairt shuntasach bhreise** ar na smaointe seo. Is ceadmhach sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú agus tagairt ar leith a dhéanamh do na dálaí físiúla, feidhmiúla agus ábhartha a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe agat, agus an dearadh atá i gceist agat a dhéanamh sa cheardaíocht atá roghnaithe agat a thaispeáint. **Ní mór duit oibriú go díreach ar do bhileog A2 agus úsáid a bhaint as sceitsí amháin, agus iad daite más mian leat**. Ná déan cóip dhíreach ón mbileog d'obair ullmhúcháin a dhéanann tú. Ní mór duit forbairt a thaispeáint. Bíodh do chuid oibre ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2.

## Céim 3: Ceardaíocht Chríochnaithe **(90 marc)**

Déantar do phíosa ceardaíochta le linn an ama a cheadaítear sa scrúdú.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach trédhearcach ceardaíochta duit ina gcaithfidh tú na nithe seo a leanas a chur:***

- do bhileog A2 d'Obair Ullmhúcháin
- do bhileog A2 de Réamhsceitsí
- aon ní nó nithe eile (má shonraítear iad sa cheist a d'fhreagair tú)
- do phíosa ceardaíochta críochnaithe, más píosa déthoiseach é.

Más ceardaíocht thríthoiseach a dhéanann tú, is cóir í a chur anuas ar do chlúdach ceardaíochta séalaithe agus an lipéad cuí feistithe de.

## Freagair ceann amháin díobh seo a leanas:

## 1. Leabharcheardaíochtaí

Dear agus déan fillteán d'eolas ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

(a) salóin ghruagaireachta

(b) tarracóirí

(c) an club peile is ansa leat

Uasmhéid: 40cm ar an toise is mó.

Ní mór don saothar leabharcheardaíochta críochnaithe feidhmiú agus meicníocht dúnta a bheith ann.

## 2. Peannaireacht

Dear agus déan píosa peannaireachta bunaithe ar Théacs (a) **nó** ar Théacs (b). Ní mór **ceithre líne ar a laghad** a scríobh as an téacs a roghnaíonn tú. Tá cead agat colláis, meáin mheasctha nó teicníocht chuí ar bith eile a úsáid.

**Téacs (a)**

Is é an rud is tábhachtaí atá foghlamtha againn,
Chomh fada is a bhaineann sé le páistí,
Gan iad a ligean riamh, RIAMH, RIAMH,
In aice le do theilifíseán –

I mbeagnach gach teach ina rabhamar,
Chonaiceamar iad ag stánadh béaloscailte ar an scáileán.
Luíonn siad thart ag slapaireacht agus ag meilt an lae,
Agus stánann siad go dtí go bpreabann a súile amach.
(An tseachtain seo caite i dteach duine éigin
Chonaiceamar dosaen mogall súile ar an urlár.)
Suíonn siad agus stánann siad agus stánann siad
agus suíonn siad go dtí go mbíonn siad faoi hiopnóis aige

'Conas a choinnídís iad féin sásta
Sular ceapadh an t-arracht seo?'
An bhfuil dearmad ort? Nach bhfuil a fhios agat?
Déarfaimid an-ard is go mall é:
LÉ...ID...ÍS! LÉIDÍS agus LÉIDÍS agus LÉIDÍS AGUS
LÉIDÍS agus ansin leanfaidís orthu AG LÉAMH níos mó.

A leithéid de scéalta iontacha, breátha, fantaiseacha
Faoi dhragúin, giofóga, banríonacha agus míolta móra
Agus oileáin chiste agus cladaí ciana
Ina mbíodh' smuigléirí ag iomramh le maidí rámha ciúine,
Foghlaeirí farraige agus brístí corcra orthu,
agus longa seoil agus eilifintí,
Agus canablaigh cromtha thart ar phota,
Ag suaitheadh go seasta ruidín te.

Ó, leabhair, cad iad mar leabhair a bhíodh ar eolas acu
Na páistí sin a mhaireadh fadó!

*Arna chóiriú as An Teilifís le Roald Dahl*

**Téacs (b)**

Cén duine a bhfuil an ghaoth feicthe aige?
Ní agamsa ná agatsa;
Ach nuair a bhíonn na duilleoga ar crochadh
agus ar crith
Bíonn an ghaoth ag séideadh tríothu.

Cén duine a bhfuil an ghaoth feicthe aige?
Ní agamsa ná agatsa;
Ach nuair a chromann na crainn a gceann
Bíonn an ghaoth ag séideadh tríothu

*An Ghaoth le Christina Rossetti*

**Ábhair:** dromchla oiriúnach don obair pheannaireachta – uasmhéid na bileoige A2: dúigh, péinteanna, pinn litreoireachta, scuaba, marcóirí peannaireachta, rialóir, crosbhacairt, etc. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a thugtar duit, **ní mór don fheitheoir an bhileog seo a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú, á dheimhniú go bhfuil sí bán**.

## 3. Póstaer

Dear agus déan póstaer do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Aonach Gairmeacha

(b) Féasta Meánaoiseach

(c) Blitzchomórtas Peile

**nó**

Dear agus déan bileog chun gig cheoil **nó** comórtas tallainne do scoile ar a dtugtar "Fachtóir X" a phoibliú.

Ní cóir níos mó ná méid A2 a bheith sa saothar, sa toise is mó. Ní mór duit litreoireacht a úsáid i do shaothar críochnaithe. Ní mór **leagan amach agus spásáil na litreoireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe**. Is ceadmhach úsáid a bhaint as stionsal den aibítir (litreacha indibhidiúla amháin) atá gearrtha agat féin. Ba chóir an stionsal a chur isteach freisin.

**Ábhair:** páipéir cholláise, cárta, ábhair uigeacha, greamachán, scuaba, péinteanna, dúigh, nó aon mheán eile a thriomaíonn go tapa. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a thugtar duit, **ní mór don fheitheoir an bhileog seo a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú, á dheimhniú go bhfuil sí bán**.

## 4. Fíodóireacht

Freagair (a) **nó** (b):

(a) Dear agus figh taipéis bhalla bunaithe ar dhathanna agus ar uigeachtaí saothar le Monet

(b) Dear agus figh painéal do mhála agus úsáid á dhéanamh d'ábhair athchúrsáilte agat.

Úsáid ábhair agus teicníochtaí éagsúla san inneach. Úsáid dath, cruth, uigeachtaí agus patrún chun barr feabhais a chur ar do shaothar.
**Ábhair:** dlúth a ullmhaíodh roimh ré ar sheol nó ar fhráma; éagsúlacht snátha, olla agus ábhar solúbtha atá oiriúnach don fhíodóireacht.

## 5. Blocphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

(a) aibhneacha agus bóithre

(b) mo bhróga

(c) cócaireacht / báicéireacht.

Ba chóir go mbeadh toisí 15cm × 20cm ar a laghad i do phrionta críochnaithe. Is ceadmhach dearadh a dhéanamh do phrionta aondathach **nó** do phrionta a mbeidh dhá dhath ar a laghad air. Ba chóir cineálacha éagsúla gearrthacha a úsáid i do shaothar.
**Ábhair:** píosa(í) líonóile nó blo(i)c adhmaid (ag brath ar cé acu modh laghdaitheach nó bloc ar leith do gach dath a bheidh á úsáid agat) nach bhfuil níos lú ná 15 cm × 20 cm; páipéar rianaithe, páipéar priontála, dúigh phriontála intuaslagtha in uisce a thriomaíonn go tapa, uirlisí gearrtha agus priontála, etc.

**N.B.** *Má tá do chuid priontaí fliuch fós ag deireadh an scrúdaithe, clúdaigh go cúramach le plaisteach trédhearcach iad sula gcuireann tú sa chlúdach ceardaíochta iad. Ba chóir do bhlo(i)c líonóile (agus plaisteach mórthimpeall air/orthu) a chur isteach freisin, chomh maith le do chuid rianuithe.*

## 6. Puipéadracht

Dear agus déan puipéad lámhainne **nó** puipéad slaite **nó** puipéad téide bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) iomaitheoir i seó tallainne

(b) polaiteoir

(c) Réalta Chumann Lúthchleas Gael.

Ba chóir go mbeadh an puipéad oiriúnach do léirithe iomadúla. Níor chóir go mbeadh corp do phuipéid níos mó ná 100cm ar an toise is mó. **Ní mór na héadaí agus na hoiriúintí a dhéanamh le linn an scrúdaithe. Caithfear na baill choirp uile a chur le chéile, a dhathú agus a mhaisiú le linn an scrúdaithe.**
**Ábhair:** fabraic, snáithe, ábhair uigeacha éagsúla, péinteanna, etc; bunchruth na lámhainne agus an fhuáil déanta, an bhunchabhail déanta as cúr-rubar, *papier maché* nó ábhar éadrom eile.

## 7. Scáthlánphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

(a) an aibítir

(b) an taobh istigh de thorthaí gearrtha

(c) ba agus / nó ainmhithe feirme eile.

Is ceadmhach priontáil ar chúlra de do rogha féin atá oiriúnach don dearadh. Níor chóir go mbeadh do phrionta críochnaithe níos mó ná 100cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** fabraic, scáthláin, ábhar stionsail, dúigh phriontála agus cuimleoirí, téip chumhdaigh, etc.

## 8. Teicstílí Lámhphriontáilte

Dear agus priontáil athphatrún ar phíosa fabraice nach bhfuil níos mó ná 100cm ar an toise is mó. Bunaigh do dhearadh ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

(a) feithidí ag snámhaíocht [*creepy crawlies*]

(b) níochán

(c) giuirléidí.

Ba chóir forphriontáil a bheith san áireamh i do dhearadh. Ní mór duit aird a thabhairt ar ghluaiseacht, ar shreabhadh agus ar nascacht.
**Ábhair:** fabraic, scáthláin, ábhar stionsal, bloic, ruaimeanna, dúigh, etc.

## 9. Baitíc

Dear agus déan baitíc bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

(a) duilleoga

(b) éin

(c) lámha.

**Ba chóir do bhaitíc a thumadh go hiomlán uair amháin ar a laghad le linn an phróisis**. Níor chóir lámhphéinteáil a dhéanamh ach amháin ar réimsí beaga mionsonraí. Níor chóir go mbeadh do bhaitíc níos mó ná 100cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** fabraic oiriúnach do bhaitíc, céir, ruaimeanna, *tjanting*, scuaba, iarann, frámaí, etc.

## 10. Criadóireacht

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) painéal rilífe le húsáid mar uimhir do thí

(b) dealbhóireacht cheirmeach le haghaidh an ghairdín

(c) mias bunaithe ar an ailtireacht le rollóga aráin a riar.

Uasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ní mór duit do shaothar a bhácáil** agus ba chóir é a mhaisiú le hábhair oiriúnacha, e.g. sleamhnáin, glónraí agus ocsaídí.
**Ábhair:** cré a réamhullmhaíodh go cuí do do rogha teicníocht (roth- nó lámhdhéanamh). Trealamh cuí criadóireachta agus ábhair chuí, e.g. sleamhnáin, glónraí, ocsaídí, etc.

## 11. Bróidnéireacht

Dear agus déan taipéis bhalla **nó** painéal do mhála siopadóireachta bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

(a) luibheanna agus spíosraí

(b) cosáin

(c) lochán uisce /linntreog.

Úsáid trí ghreim éagsúla ar a laghad (greamanna láimhe nó meaisín) agus éagsúlacht de theicníochtaí bróidnéireachta. Is féidir meáin mheasctha a úsáid freisin.
**Ábhair:** eagsúlacht ábhar, ina measc earraí aimsithe, fabraicí, snáitheanna bróidnéireachta, cnaipí, coirníní, ribíní, seacainí, sreang agus ábhair uigeacha do *appliqué*.

## 12. Snoíodóireacht Adhmaid/Snoíodóireacht

Dear agus snoigh saothar saorsheasaimh **nó** painéal maisiúil **nó** plaic.
Bíodh do shaothar bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

(a) bruach abhann

(b) príomhshráid

(c) clós feirme.

Uasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** adhmad, plástar nó ábhar oiriúnach ar bith eile, bailchríocha cuí, uirlisí agus trealamh snoíodóireachta.

## 13. Miotalóireacht/Tógáil

Dear agus déan ceann **amháin** de na nithe seo a leanas:

(a) seastán le haghaidh fáinní cluas a thaispeáint i bhfuinneog siopa.

(b) meaisín eitilte

(c) murlán don doras isteach i saotharlann eolaíochta do scoile.

Uasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** ábhair chruanta, miotail do theicníochtaí tógála, uirlisí oiriúnacha.

## 14. Múnlóireacht

Dear agus múnlaigh píosa dealbhóireachta lánchumtha **nó** i bhfoirm rilífe, bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

(a) ag fanacht /dubh dóite

(b) clog osréalaíoch

(c) duais le haghaidh comórtas iascaireachta.

Uasmhéid: 40cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** is ceadmhach na múnlaí a dhéanamh as cré, as cré a thriomaíonn go tapa, as marla **nó** as ábhair ar bith eile atá oiriúnach do theicníochtaí múnlóireachta. Ní mór duit do shaothar a críochnú le linn an ama atá ceadaithe don scrúdú agus níor chóir é a bhácáil.

Leathanach Bán

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2013**

# EALAÍN

Sceitseáil Bheo-Ábhair

Gnáthleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín

**Dé Luain 29 Aibreán – Dé hAoine 10 Bealtaine Tráthnóna 2:00 – 3:00**

Tá an páipéar seo le tabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt 16 Aibreán**

## Treoracha do na Múinteoirí Ealaíne agus do na Feitheoirí

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag atá sa chéad sceitse. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi de staidiúir a mhairfidh timpeall tríocha nóiméad atá sa dara sceitse.

**Níl éadaí speisialta ar bith ag teastáil le haghaidh an chuspa.**
**Tá na frapaí seo a leanas ag teastáil don dara staidiúir:**

- **fón póca**
- **cathaoir.**

Beidh cead ag an gcuspa idir deich agus cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa le linn an scrúdaithe. Socrófar iad mar a iarrtar iad. Cuirtear na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig san iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag iarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

Níl cead níos mó ná deichniúr iarrthóirí a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta. Más mian leo, tá cead ag iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa le linn an dara staidiúir.

## Treoracha do na hiarrthóirí

Ní mór duit **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir,** agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi den staidiúir a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir.** 30 nóiméad a mhairfidh an staidiúir. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** an cloigeann agus na guaillí / leathfhíor a roghnú.
N.B. Má roghnaíonn tú an cloigeann agus na guaillí / an leathfhíor a dhéanamh, meabhraítear duit **nach leor** an cloigeann agus an muineál amháin a tharraingt. Ní mór duit an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe agus an cloigeann, an muineál, na guaillí agus na géaga uachtair ar a laghad a bheith san áireamh.

- Ní mór duit an líníocht a tharraingt ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa.
- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
- Méid an pháipéir: A2.
- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, ní mór don fheitheoir an bhileog pháipéir sin a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú go bhfuil sí bán.
- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.
- Scríobh do scrúduimhir agus leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog.
- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh.
  Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.
- Is féidir leat breacléiriú a thabhairt ar an gcúlra.
- **Ná déan** do shaothar críochnaithe **a bhearradh ná a fheistiú.**

## (a) An Chéad Staidiúir – Fad ama 15 nóiméad (20 marc)

**Tá an cuspa ina s(h)easamh agus**

- na cosa go daingean ar an talamh
- an chos chlé beagán chun tosaigh, meáchan an choirp anuas ar an gcos chlé
- an chos chlé dírithe chun tosaigh
- an lámh chlé sa phóca
- an lámh dheas druite ina dorn agus ina luí i gcoinne thaobh na láimhe deise den chorp
- an aghaidh ag féachaint chun tosaigh.

## (b) An Dara Staidiúir – Fad ama 30 nóiméad (30 marc)

**Tá an cuspa ina s(h)uí ceartdíreach ar chathaoir agus**

- na cosa go daingean ar an talamh agus dírithe chun tosaigh
- fón póca ar a g(h)lúine
- greim ag an dá lámh ar an bhfón póca agus na hordóga i mbarr an fhóin
- an aghaidh ag féachaint chun tosaigh.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Gnáthleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Déardaoin, 13 Meitheamh** **Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

**Treoracha**

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1000 AD - An Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid de réir mar is cuí chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do ***na léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

# Roinn I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Tá sampla de láthair Neoiliteach ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Ainmnigh an láthair.
(b) Déan cur síos ar an láthair faoi na ceannteidil seo a leanas:
- suíomh
- feidhm
- struchtúr.

(c) Déan cur síos mion ar an maisiúcháin ar cheann amháin dá ghnéithe.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Is sampla de mhiotalóireacht ón Iarannaois í **'Muince Bhrú Íochtair'**, atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Cén fheidhm a bhí aici?

(b) Cén chaoi a ndearnadh í?

(c) Déan cur síos agus plé ar an maisiúchán uirthi.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Tá **'Cros Mhuireadhaigh'** i Mainistir Bhuithe, Contae Lú, ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Cén fheidhm a bhí aici?

(b) Déan cur síos agus plé ar an maisiúchán uirthi.

(c) Ainmnigh Ardchros ar bith eile a ndearna tú staidéar uirthi agus déan cur síos uirthi.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Is sampla é Teach Bhaile an Chaisleáin, Contae Chill Dara, d'ailtireacht ón ochtú haois déag.
Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Ainmnigh na hailtirí.

(b) Déan cur síos agus plé ar an bhfoirgneamh.

(c) Déan cur síos mion ar ghné amháin d'ailtireacht inmheánach an fhoirgnimh seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Ealaíontóir cáiliúil Éireannach ba ea Louis le Brocquy (1916-2012).
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh saothar ar bith le Louis le Brocquy a ndearna tú staidéar air.
(b) Déan cur síos ar an saothar atá roghnaithe agat faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- teicníocht agus úsáid datha(nna).

(c) Tabhair roinnt eolais faoi Louis le Brocquy.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Tá **'Fáthscéal'** le Seán Keating (1889-1977) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- teicníocht agus úsáid datha(nna).

(b) Cad is ábhar don phictiúr seo, dar leat? Tabhair fáthanna le do fhreagra.
(c) Ainmnigh pictiúr amháin eile le healaíontóir Éireannach eile ina bhfuil fíoracha agus déan cur síos achomair ar an bpictiúr sin.
*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Roghnaigh saothar le duine **amháin** de na healaíontóirí seo:
- Roderic O'Conor (1860-1940)
- Paul Henry (1876-1958)
- Harry Clarke (1889-1931)
- Alice Maher (b. 1956)
- Kathy Prendergast (b.1958)
- Colin Davidson (b.1968)

Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an saothar atá roghnaithe agat.
(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar atá roghnaithe agat faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- teicníochtaí agus úsáid ábhar.

(c) Tabhair roinnt eolais mar gheall ar an ealaíontóir atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn II – Ealaín na hEorpa (1000 AD – An Lá Inniu)

**8.** Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Ainmnigh ardeaglais Gotach a ndearna tú staidéar uirthi.

(b) Déan cur síos agus plé ar an bhfoirgneamh atá roghnaithe agat.

(c) Déan cur síos agus plé ar an dealbhóireacht ar an bhfoirgneamh atá roghnaithe agat.

*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Tá **'An tSeilg san Fhoraois'** le Paolo Uccello (1397-1475) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- comhdhéanamh
- peirspictíocht
- dath(anna) agus stíl.

(b) Cad is ábhar don phictiúr seo, dar leat?

(c) Ainmnigh saothar amháin eile le Uccello agus déan cur síos achomair ar an saothar sin.

*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Is freascó é **'Scoil na hAithne'** le Raphael (1483-1520) agus ***tá sé léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bhfreascó seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- úsáid peirspictíochta
- comhdhéanamh
- úsáid datha(nna).

(b) Conas a dhéantar freascó?

(c) Ainmnigh saothar le healaíontóir amháin eile ó ré an Renaissance agus déan cur síos achomair ar an saothar sin.

*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Roghnaigh **<u>ceann</u> <u>amháin</u>** de na saothair seo a leanas agus freagair (a), (b) agus (c):

- **'An Caoineachán'** le Giotto (c.1267-1337)
- **'Dáiví'** le Michelangelo (1475-1564)
- **'Gabháil Chríost'** le Caravaggio (1571-1610)
- **'L'Absinthe'** le Edgar Degas (1834-1917)
- **'Lusanna na Gréine'** le Vincent Van Gogh (1853-1890).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar atá roghnaithe agat faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- comhdhéanamh
- dath(anna) agus stíl.

(b) Cad is ábhar don saothar atá roghnaithe agat, dar leat? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

(c) Ainmnigh saothar amháin eile leis an ealaíontóir atá roghnaithe agat.

*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Tá **'Geallta Bád in Argenteuil'** le Claude Monet (1840-1926) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- stíl, úsáid na péinte agus dath(anna).

(b) Cad is ábhar don phictiúr, dar leat? Tabhair fáthanna le do fhreagra

(c) Ainmnigh saothar amháin eile le Monet.

*Léirigh do fhreagra*.

**13.** Roghnaigh saothar ar bith le Pablo Picasso (1881-1973) a ndearna tú staidéar air.
Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Ainmnigh an saothar atá roghnaithe agat.

(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar atá roghnaithe agat faoi na ceannteidil seo a leanas:
- meán
- teicníocht
- dath(anna) agus stíl.

(c) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoi Pablo Picasso.

*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Tá **'Mise agus an Sráidbhaile'** le Marc Chagall (1887-1985) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- comhdhéanamh
- íomhánna
- dath(anna) agus stíl.

(b) Cad is ábhar don phictiúr seo, dar leat? Tabhair fáthanna le do fhreagra?

*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**15.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar shraith teilifíse ar bith **nó** ar dhráma ar bith i mboscra atá feicthe agat.

Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas chun cuidiú leat le do fhreagra:

- feisteas / smideadh
- maisíochtaí speisialta
- obair cheamara

(b) Déan cur síos mion ar radharc amháin as an tsraith nó as an dráma atá roghnaithe agat a léiríonn atmaisféar ar leith.

*Léirigh do fhreagra.*

**16.** Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Ainmnigh gailearaí, músaem, ionad ceardaíochta **nó** ionad léirmhíniúcháin ar thug tú cuairt air.

(b) Ainmnigh dhá shaothar a chonaic tú agus tú ar cuairt ann, agus déan cur síos agus plé orthu.

(c) Déan cur síos ar an gcaoi ina gcuirfeá na saothair seo ar taispeáint i do scoil.

*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh na gnéithe amhairc d'ócáid bheo, d'fhéile, de pharáid nó de léiriú sráide atá feicthe agat agus cuir síos orthu.

(b) Mínigh cén fáth ar cheap tú go raibh sé suntasach ó thaobh an amhairc de.

*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Freagair (a) agus (b).

(a) Mol patrún le ceann amháin díobh seo a leanas a mhaisiú agus cuir in iúl cad iad na foinsí a spreag an rogha atá déanta agat:

- clogad spóirt
- tonnchlár
- clár scátála.

(b) Is minic a dhéanann úinéirí na nithe nua atá acu a mhaisiú lena marc pearsanta a chur orthu. Cén fáth a ndéanann siad sin, dar leat? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Freagair (a) agus (b).

(a) Tarraing plean d'ionad súgartha do pháistí agus cuir lipéid air. Déan plé ar an tábhacht a bhaineann leis an suíomh, le teacht a bheith ar an ionad agus leis na gnéithe sábháilteachta.

(b) Tabhair breac-chuntas ar na cineálacha troscáin d'ionad súgartha a roghnófá agus tabhair cúiseanna le do rogha.

*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar cháilíochtaí an dearaidh i gceann amháin de na gnáthrudaí laethúla ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** faoi na ceannteidil seo a leanas:

- feidhm
- foirm / cruth
- bunábhair.

(b) Mol dearadh do **cheann** **amháin** de na rudaí seo a leanas a bheadh oiriúnach do do chuid riachtanas féin: lampa boird, tóirse láimhe nó cluasáin. Mínigh do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**21.** Freagair (a) agus (b).

(a) Tabhair sampla d'fhógra nó de phóstaer dea-dheartha atá feicthe agat agus mínigh cén fáth ar sampla maith é, dar leat.

(b) Mol dearadh do phóstaer chun **ceann** **amháin** díobh seo a leanas a fhógairt:

- An Tuar Ceatha – naíolann do leanaí ó 1 bhliain amháin go dtí 4 bliana d'aois
- Tonnta – stiúideo ceoil
- Leathanaigh – siopa leabhar.

Tabhair cúiseanna leis na cruthanna agus na dathanna atá roghnaithe agat.

*Léirigh do fhreagra.*

Leathanach Bán